09_04.mp3

Téipscript Bileog 9.4

1. Is maith liom caife a ól.
2. Tá sé go deas bualadh leat.
3. An bhfuil tinneas cinn air?
4. Tá beirt deartháireacha agam.
5. Slán leat.
6. Is fuath léi peil.
7. An bhfuil airgead ar bith aige?
8. Ar mhaith leat gloine fíona?
9. Tá súile gorma aici.
10. Tá gruaig dhubh air.

09_06.mp3

Téipscript Bileog 9.6

Máire: Abair liom cén chuma atá ar na páistí? An bhfuil siad cosúil leatsa?
Jan: Deirtear liom go bhfuil Neils iontach cosúil liomsa. Tá gruaig fhionn air chomh maith agus tá súile gorma aige.
Máire: Cad é faoi na páistí eile? An bhfuil siadsan fionn fosta?
Jan: Tá. Tá gruaig fhionn ar Gunther fosta ach tá súile donna aige. Tá sé iontach ard. Tá Hector dorcha cosúil lena mháthair. Tá gruaig dhubh air agus tá súile donna aige.

09_07.mp3

Téipscript Bileog 9.7

1. Tá gruaig fhada air.
2. Is bean mhór í.
3. Is é Paddy m'fhear céile.
4. Tá súile gorma aici.
5. Tá deirfiúracha arda ag Áine.
6. Tá gruaig chatach orm.
7. Is fear gránna é.
8. Tá gruaig ghearr orm.
9. Tá na cailíní beaga anseo.
10. Tá bróga dubha air.

© OÉ Má Nuad

09_09.mp3

Téipscript Bileog 9.9

Agallamh na Seachtaine

Sinéad: Anseo sa stiúideo agam tá Emer Ní Fhearraigh. Is iriseoir í Emer leis an *Sunday Tribune*. Conas atá tú, a Emer?

Emer: Tá mé go breá, go raibh maith agat.

Sinéad: Abair linn cé hiad na daoine cáiliúla a casadh ort le déanaí.

Emer: Bhuel, chuir mé agallamh ansin an tseachtain seo caite ar an aisteoir John Cusack. Fear an-deas atá ann agus cé go bhfuil sé beag tá sé an-dathúil. Tá scannán nua ag teacht amach aige an mhí seo chugainn.

Sinéad: Agus cén duine is suimiúla a casadh ort i do phost?

Emer: Caithfidh mé a rá gurb í an duine is suimiúla ná Mary Robinson is dócha. Bean an-chliste agus uasal í agus tá sí iontach cineálta. Is bean ard í agus mar sin tá cumhacht ag baint lena pearsantacht.

© OÉ Má Nuad